An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Is féidir liom, is féidir linn...

## Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla



Tá sé mar aidhm ag an bplean gnímh tacú le scoileanna agus le múinteoirí chun feabhas a chur ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge, agus chun eispéiris foghlama níos tarraingtí agus níos luachmhaire a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga



# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| | Brollach ón Aire | 2 |
| | Brollach ón Ard-Rúnaí | 3 |
| 1 | Réamhrá | 4 |
| 1.1 | Comhthéacs | 4 |
| 1.2 | Raon feidhme | 4 |
| 1.3 | Aidhm | 5 |
| 1.4 | Comhairliúchán | 5 |
| 2 | An Plean Gnímh | 7 |
| 2.1 | Bunchlocha an Phlean Gnímh | 8 |
| **2.2** | **Bunchloch 1: Meonta dearfacha a chothú i leith na Gaeilge** | **8** |
| | Cad a léiríonn an taighde | 8 |
| | Na príomhtheachtaireachtaí ón gcomhairliúchán | 9 |
| | Gníomhartha | 9 |
| **2.3** | **Bunchloch 2: Úsáid na Gaeilge a mhéadú** | **12** |
| | Cad a léiríonn an taighde | 12 |
| | Na príomhtheachtaireachtaí ón gcomhairliúchán | 12 |
| | Gníomhartha | 13 |
| **2.4** | **Bunchloch 3: Tacú le rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar fhoghlaim na Gaeilge** | **21** |
| | Cad a léiríonn an taighde agus an beartas | 21 |
| | Na príomhtheachtaireachtaí ón gcomhairliúchán | 21 |
| | Gníomhartha | 22 |
| **2.5** | **Bunchloch 4: Tacaíochtaí don Ghaeilge a chomhtháthú** | **24** |
| | Cad a léiríonn an taighde agus an beartas | 24 |
| | Na príomhtheachtaireachtaí ón gcomhairliúchán | 24 |
| | Gníomhartha | 25 |
| 3 | Feidhmiú | 27 |
| 3.1 | Cur chuige | 28 |
| 3.2 | Rath a thomhas | 29 |



# Brollach ón Aire

Tá áthas orm an Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla a chur i láthair. Léiríonn an plean dhá bhliain seo (2025-2027) tiomantas láidir agus leanúnach na Roinne Oideachais agus Óige don Ghaeilge agus leagtar amach gníomhartha praiticiúla chun feabhas a chur ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid laethúil na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon.

Tá an Ghaeilge uathúil d'Éirinn. Is le gach duine againn í agus tá sí lárnach d'ár bhféiniúlacht náisiúnta. Cothaíonn foghlaim na Gaeilge mothú comhchoiteann ar mhuintearas cultúrtha atá luachmhar in Éirinn nua-aimseartha, éagsúil agus ilchultúrtha an lae inniu, go háirithe.

Mar is amhlaidh le haon teanga, is é an chúis is mó le Gaeilge a fhoghlaim ná í a labhairt. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, go mbeadh níos mó deiseanna ag leanaí, ag daoine óga, ag múinteoirí agus ag daoine fásta eile an Ghaeilge a labhairt laistigh agus lasmuigh de thimpeallacht na scoile. Is í an sprioc atá againn ná go mbeidh taithí ar an nGaeilge mar theanga bheo bhríomhar, ní mar ábhar scoile amháin.

Tá ról ríthábhachtach ag scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla chun cur ar chumas gach scoláire taitneamh a bhaint as an nGaeilge agus rath a bheith ar a gcuid foghlama. Cuireann go leor scoileanna agus múinteoirí deiseanna nuálacha agus cruthaitheacha ar fáil cheana féin do dhaltaí agus do scoláirí dul i ngleic leis an teanga. Tógann an plean seo ar an mbunús láidir sin trí dhea-chleachtas cuimsitheach a roinnt níos forleithne agus a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm.

Tá an plean gnímh seo bunaithe ar chomhairliúchán agus taighde fairsing, tuairimí leanaí agus daoine óga, go háirithe. Cé go mbíonn fonn ar scoláirí an Ghaeilge a fhoghlaim agus go dteastaíonn uathu a bheith in ann í a labhairt, ní léirítear an fonn sin i gcónaí ina dtaithí bheo i scoileanna. Tá na léargais seo, mar aon le taighde idirnáisiúnta, tar éis bonn eolais a chur faoin bplean dírithe agus uaillmhianach seo, atá deartha chun tionchar suntasach a imirt laistigh den tréimhse dhá bhliain.

Tagann an plean seo le forbairtí móra eile, mar shampla an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus an Polasaí nua don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Le chéile, is léiriú iad seo ar thiomantas níos leithne an Rialtais do pholasaí cuimsitheach don Ghaeilge ar fud an chórais oideachais.

Chun an uaillmhian seo a bhaint amach, beidh gá le comhoibriú láidir idir ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí, pobail agus, níos tábhachtaí fós, le daltaí agus scoláirí iad féin. Trí bheith ag obair le chéile, is féidir linn a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina cuid shaibhir d'oideachas gach linbh agus ina cuid bhríomhar den saol laethúil do na glúnta atá le teacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a roinn a gcuid saineolais agus cruthaitheachta chun cur leis an bplean seo. Tugann a dtiomantas muinín dúinn gur féidir linn dul chun cinn cuí agus buan a dhéanamh don Ghaeilge inár scoileanna leis an tacaíocht agus an tiomantas ceart.

Helen McEntee TD
Aire Oideachais agus Óige



# Brollach ón Ard-Rúnaí

Tá ríméad orm an Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla a chur i láthair. Léiríonn foilsiú an phlean gnímh seo tiomantas leanúnach na Roinne do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge inár scoileanna a fheabhsú. Tarraingíonn sé le chéile agus cuireann sé leis an iliomad tionscnamh rathúil atá i bhfeidhm cheana féin.

Cé go bhfuil dúshláin ann maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge inár scoileanna, tá a fhios againn go bhfuil go leor le ceiliúradh agus go bhfuil go leor dea-chleachtas i scoileanna agus i seomraí ranga aonair ar chóir iad a roinnt ar bhonn níos leithne agus cur leo.

Cuimsíonn an plean gnímh seo gníomhartha intomhaiste arbh iad is dóichí a dhéanfaidh difríocht sa ghearrthréimhse go meántréimhse. Díríonn sé ar na heilimintí a dhéanann difríocht d'fhoghlaim teangacha – dearcadh, teagasc na Gaeilge mar theanga, deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid agus úsáid chur chuige cuimsitheach a ligeann do gach páiste agus duine óg rath a bheith orthu ina gcuid foghlama. Cuimsíonn sé raon gníomhartha a thacóidh le scoileanna agus le múinteoirí curaclam bunscoile agus iar-bhunscoile na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Tá an plean gnímh seo bunaithe go láidir ar an taithí a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge inár scoileanna. Bhí comhairliúchán fairsing le hionadaithe ó eagraíochtaí náisiúnta agus ó phobail scoile agus é á fhorbairt. Áiríodh leis sin plé le daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile, tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí agus múinteoirí faoi oiliúint ar fud na tíre.

Cuid lárnach den chomhairliúchán ab ea rannpháirtíocht le leanaí agus daoine óga i scoileanna agus éifeacht a thabhairt dá nguth. Ba mhór an spreagadh é a chloisteáil go bhfuil páistí agus daoine óga ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim agus a bheith in ann í a labhairt. Cabhróidh an plean gnímh seo lena chinntiú go mbainfidh siad taitneamh as foghlaim na Gaeilge, go mbeidh rath ar a gcuid foghlama agus go mbeidh níos mó deiseanna acu í a úsáid laistigh agus lasmuigh den scoil.

Ba chóir go gcruthódh an plean gnímh dearfacht nua maidir le foghlaim agus úsáid na Gaeilge. Tá sé ríthábhachtach dearfacht, muinín agus cumas a chothú ar mhaithe le húsáid laethúil na Gaeilge agus an taitneamh a bhaintear aisti a mhéadú.

Ag tógáil ar an gcomhairliúchán, is deis iontach é cur i bhfeidhm an phlean gnímh chun cur chuige níos comhtháite maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge a chothú. Cabhróidh sé freisin le feasacht níos fearr a chinntiú ar na tacaíochtaí agus ar na hacmhainní atá ar fáil don Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla, rochtain a bheith orthu agus úsáid níos fearr a bhaint astu.

Gabhaim buíochas leo siúd go léir a thacaigh le forbairt an phlean gnímh. Táimid ag tnúth le plé go leanúnach libh chun é a chur i bhfeidhm agus chun a chinntiú go mbeidh na heispéiris agus na torthaí foghlama is fearr agus is féidir ag ár leanaí agus ár ndaoine óga.

Bernie McNally
Ard-Rúnaí

# 1 Réamhrá

D'fhorbair an Roinn Oideachais agus Óige (an roinn) an Plean Gnímh seo don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ina ndéantar an teagasc trí Bhéarla. Cuirfear an plean gnímh i bhfeidhm laistigh de thréimhse dhá bhliain, 2025 go 2027.

Tacóidh sé le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun sonraíochtaí curaclaim atá ann cheana a chur i bhfeidhm ar mhaithe le heispéiris foghlama níos fearr a sholáthar sa Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc leanaí agus daoine óga.

Chuir comhairliúchán fairsing ar leibhéil náisiúnta agus scoile bonn eolais faoin bplean gnímh. Chomh maith leis sin, chuir taighde agus cuir chuige i leith pleanáil teanga do theangacha mionlaigh i ndlínsí eile bonn eolais faoi.

I bhfeidhmiú an phlean gnímh, cuirtear forbairtí leanúnacha sna sonraíochtaí teanga do bhunscoileanna agus sna sonraíochtaí don Ghaeilge sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach san áireamh. Gné lárnach de na sonraíochtaí curaclaim don Ghaeilge sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil is ea forbairt a dhéanamh ar an gcumas cumarsáide sa Ghaeilge. Tacóidh an plean gnímh seo le scoileanna agus múinteoirí chun an cuspóir sin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí.

## 1.1 Comhthéacs

Aithníonn an roinn an obair dhearfach atá á déanamh i mórán scoileanna meán-Bhéarla chun freastal ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge. Tá an roinn tiomanta chomh maith céanna d'fhoghlaim agus d'úsáid na Gaeilge mar chuid lárnach den oideachas leathan agus cothrom a chuirtear ar fáil do gach leanbh agus duine óg i gcóras oideachais na hÉireann. Ós rud é go bhfreastalaíonn breis is 90% de leanaí agus daoine óga ar scoileanna meán-Bhéarla, tá sé ríthábhachtach go mbeadh a dtaithí ar fhoghlaim na Gaeilge taitneamhach agus tairbheach. Réimse ríthábhachtach is ea an córas oideachais chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a úsáid agus chun úsáideoirí teanga atá inniúil sa Ghaeilge a sholáthar.

Tá imní léirithe i dtorthaí taighde agus cigireachta le blianta beaga anuas faoi cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge, agus faoi na caighdeáin sa Ghaeilge i measc leanaí, daoine óga agus múinteoirí i scoileanna meán-Bhéarla. Ní mór a admháil freisin go laghdófaí go mór inniúlacht chomhchoiteann na Gaeilge i measc an phobail murach obair na scoileanna agus na múinteoirí, lena n-áirítear iad siúd i scoileanna meán-Bhéarla a bhfreastalaíonn formhór na leanaí agus na ndaoine óga orthu.

## 1.2 Raon feidhme

Forbraíodh an plean gnímh seo chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna meán-Bhéarla agus iad a fheabhsú thar thréimhse dhá bhliain, 2025 go 2027. Dírítear ann ar na gníomhartha arb iad is dóichí a bheidh éifeachtach agus a dhéanfaidh difríocht laistigh den tréimhse ama sin.

Feidhmíonn an plean gnímh laistigh den bheartas agus de na struchtúir atá ann cheana féin don Ghaeilge. San áireamh ansin, tá foráis churaclaim a cuireadh i bhfeidhm le déanaí, atá ar siúl nó atá beartaithe trí ghnáthphróisis na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

I bhfianaise an achar ama atá leagtha síos d'fheidhmiú an phlean gnímh seo, ní phléann sé cúrsaí beartais níos suntasaí, amhail díolúintí ó staidéar na Gaeilge nó an Ghaeilge a bheith mar chroí-ábhar do scoláirí agus dóibh siúd ar mian leo a bheith ina múinteoirí bunscoile. Breithneofar na ceisteanna sin i gcomhthéacs beartais fhoriomláin don Ghaeilge san oideachas. Cuirfidh an t-aiseolas a tugadh le linn an chomhairliúcháin agus a bhaineann le ceisteanna lasmuigh de raon feidhme an phlean gnímh bonn eolais faoi bheartais amach anseo don Ghaeilge sa chóras oideachais.

## 1.3 Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an bplean gnímh tacú le scoileanna agus le múinteoirí chun feabhas a chur ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge, agus chun eispéiris foghlama níos tarraingtí agus níos luachmhaire a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, ionas

- go mbeidh rath orthu agus go ndéanfaidh siad dul chun cinn ina gcuid foghlama sa Ghaeilge
- go bhforbróidh siad grá don Ghaeilge agus meas uirthi
- go ndéanfaidh siad cumarsáid go muiníneach i nGaeilge, de réir a gcumais agus
- go mbeidh siad sásta an Ghaeilge a úsáid nuair a bheidh deis acu sin a dhéanamh.

Chun an méid sin a bhaint amach, tá sé mar thosaíocht sa phlean gnímh seo tacú le cleachtas aonair agus comhchoiteann i scoileanna agus i measc múinteoirí agus é a fhorbairt. Beidh cleachtas éifeachtach i dtaca le teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge mar phríomhbhealach chun tacú leis an gcaoi a mbainfear an aidhm sin amach. Ina theannta sin, díríonn an plean gnímh go mór ar na tacaíochtaí don Ghaeilge a chomhtháthú, a chomhordú agus a úsáid ar bhealach níos fearr.

## 1.4 Comhairliúchán

Chuir próiseas fairsing comhairliúcháin leis na príomhpháirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal phobal na scoile araon bonn eolais faoi fhorbairt an phlean gnímh seo. Tá na céimeanna sa phróiseas comhairliúcháin leagtha amach sa tábla thíos:

| | |
|---|---|
| **Ócáid chomhairliúcháin tosaigh** le hionadaithe ó eagraíochtaí náisiúnta | Eanáir 2025 |
| **Grúpaí fócais** le páirtithe leasmhara sonracha i scoileanna | Feabhra/Márta 2025 |
| **Plé le pobail scoile** ag baint úsáid as an gcur chuige BEACONs | Aibreán 2025 |
| **Cruinnithe le grúpaí** páirtithe leasmhara náisiúnta agus taighdeoirí/saineolaithe teanga | Aibreán/Bealtaine 2025 |


Tionóladh **Fóram Náisiúnta** i mí an Mheithimh 2025 inar roinneadh torthaí an chomhairliúcháin agus príomhghnéithe agus gníomhartha an phlean gnímh le hionadaithe ó eagraíochtaí náisiúnta agus ó institiúidí ardoideachais.

Le linn an chomhairliúcháin, bhuail an roinn le beagnach 200 ionadaí ó eagraíochtaí náisiúnta. Bhuail sí freisin le breis agus 500 rannpháirtí i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus ina measc sin, bhí daltaí/scoláirí, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, agus múinteoirí faoi oiliúint. Bhí an comhairliúchán dírithe ar thuairimí a bhailiú maidir le taithí saoil ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.

D'éascaigh éascaitheoirí ó Choláiste Ealaíne Bhoirne an plé le pobail na mbunscoileanna agus na niar-bhunscoileanna, ag baint úsáid as an gcur chuige BEACONS (is acrainm é BEACONS ar Bringing Education Alive for our Communities On a National Scale). Ag an dá imeacht sin, bhí deis ag páirtithe leasmhara éagsúla ar leibhéal na scoile chun caint agus chun éisteacht lena chéile maidir le saincheisteanna a raibh spéis acu go léir iontu agus a bhí tábhachtach i ndáil leis an nGaeilge. Thug na himeachtaí sin deis chun tuiscint níos doimhne a fháil ar théamaí a tháinig chun cinn le linn an phlé roimhe sin le páirtithe leasmhara scoileanna agus náisiúnta.

Bhí plé le leanaí agus daoine óga mar ghné lárnach den chomhairliúchán. Ba leanaí agus daoine óga iad breis is leath de na rannpháirtithe sa phlé le scoileanna.

*Líon na rannpháirtithe sa chomhairliúchán*




Bhí ionadaithe ó Sealbhú, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i láthair chun taifeadadh a dhéanamh ar an bplé ag gach céim den chomhairliúchán. Chinntigh an chomhairle a thug siad go raibh fairsinge agus doimhneacht sa chomhairliúchán. Tá torthaí an chomhairliúcháin ar fáil in dhá thuarascáil a d'ullmhaigh Sealbhú:

- Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla: Léirbhreithniú ar an Litríocht agus Dearcthaí na bPáirtithe Leasmhara Náisiúnta
- Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla: Dearcthaí na bPáistí, na nDaoine Óga, na Múinteoirí, na dTuismitheoirí agus na Múinteoirí faoi Oiliúint

San áireamh sna tuarascálacha tá athbhreithniú ar thaighde teanga agus oideachais a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.



# 2 An Plean Gnímh

## 2.1 Bunchlocha an Phlean Gnímh

Tá ceithre bhunchloch mar bhonn don phlean gnímh:

1 Meonta dearfacha a chothú i leith na Gaeilge
2 Úsáid na Gaeilge a mhéadú
3 Tacú le rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar fhoghlaim na Gaeilge
4 Tacaíochtaí don Ghaeilge a chomhtháthú

Léiríonn na bunchlocha seo na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ón taighde agus ó thorthaí an chomhairliúcháin. Leagtar amach thíos gníomhartha agus foghníomhartha a bhaineann le gach ceann de na ceithre bhunchloch.

Mar aitheantas don tábhacht a bhaineann le teagasc agus foghlaim éifeachtach i seomraí ranga i dtorthaí foghlama dearfacha agus inniúlacht sa Ghaeilge a bhaint amach d'fhoghlaimeoirí, tá gníomhartha a bhaineann le teagasc agus foghlaim san áireamh i mBunchlocha 1-3.

Tacaíonn na gníomhartha sin, mar aon le gníomhartha a bhaineann le húsáid na Gaeilge, le feidhmiú na sonraíochtaí don Ghaeilge ag an mbunleibhéal, sa tsraith shóisearach, agus sa tsraith shinsearach. Sna sonraíochtaí go léir, leagtar béim láidir ar fhorbairt meonta dearfacha i leith na Gaeilge, úsáid bharántúil na Gaeilge laistigh agus lasmuigh de cheachtanna, eispéiris foghlama a sholáthar atá tarraingteach agus taitneamhach agus gach foghlaimeoir a éascú, de réir a c(h)umais, chun foghlaim agus cumarsáid a dhéanamh sa Ghaeilge. Ina theannta sin, sna sonraíochtaí ag leibhéil na bunscoile agus na sraithe sóisearaí, leagtar béim láidir ar fhorbairt a dhéanamh ar fhéinfheasacht na ndaltaí/scoláirí maidir lena bhfoghlaim sa Ghaeilge.



## 2.2 Bunchloch 1: Meonta dearfacha a chothú i leith na Gaeilge

### Cad a léiríonn an taighde

Léiríonn an taighde go dtacaíonn meon dearfach leis an bhfoghlaim agus le forbairt inniúlacht teanga an úsáideora. Tá gaol láidir idir meonta dearfacha i leith na Gaeilge i measc foghlaimeoirí agus a ngnóthachtáil sa teanga. Mar sin féin, léiríonn taighde ar mheonta leanaí agus daoine óga i leith na Gaeilge, cé go dtuigeann siad an luach cultúrtha a bhaineann le foghlaim na Gaeilge, nach mbíonn siad chomh dearfach faoin nGaeilge agus a bheidís faoi ábhair eile, agus go gceapann siad, mar shampla, go bhfuil sí ar cheann de na hábhair is deacra agus is lú a bhfuil úsáid ag baint léi.

Léiríonn staidéir gur féidir le meonta múinteoirí agus tuismitheoirí i leith na Gaeilge tionchar suntasach a imirt ar ghnóthachtáil leanaí agus daoine óga sa Ghaeilge. Tá sé léirithe go mbíonn tionchar láidir ag díograis múinteoirí i leith na Gaeilge ar eispéireas agus ar mheon leanaí agus daoine óga maidir leis an teanga. Leagann taighde béim freisin ar an ról ríthábhachtach atá ag ceannaireacht scoile i gcothú cultúr foghlama dearfach agus éifeachtach a mbíonn tionchar aige ar thorthaí foghlaimeoirí.

## Na príomhtheachtaireachtaí ón gcomhairliúchán

Léiríonn an comhairliúchán go bhfuil tacaíocht láidir ann do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. I measc na bpríomhphointí a luadh le linn an chomhairliúcháin bhí tábhacht fhoghlaim na Gaeilge ar chúiseanna cultúrtha agus sóisialta agus an ról tábhachtach atá aici inár bhféiniúlacht náisiúnta. Luaigh leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí an focal 'bród' go minic le linn an chomhairliúcháin.

Mar sin féin, tá tuairimí maidir le heispéiris i dtaca le foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla i bhfad níos diúltaí. Tá tuairim choitianta i measc leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de na hábhair níos deacra a fhoghlaim. Thuairiscigh daoine óga tuairimí níos diúltaí faoina gcumas sa Ghaeilge ná mar atá acu faoina gcumas i dteangacha eile. Tagann sé sin le torthaí an taighde. Ina theannta sin, léirigh go leor acu a gcuid frustrachais faoin easpa dul chun cinn atá déanta acu i labhairt na Gaeilge, dar leo.

Luaigh leanaí, daoine óga, múinteoirí, daoine fásta eile i scoileanna agus múinteoirí faoi oiliúint go raibh tionchar ag an eagla botún a dhéanamh agus dul sa seans ar a dtoilteanas an Ghaeilge a labhairt agus a úsáid. Bhí feasacht theoranta i gcoitinne i measc páistí, daoine óga agus tuismitheoirí faoi na deiseanna sóisialta agus gairmiúla agus is féidir leis an Ghaeilge a chur ar fáil.

## Gníomhartha

Sa phlean gnímh seo, leagtar béim ar ghníomhartha a chuidíonn le feasacht a mhéadú i bpobail scoile ar ról na Gaeilge i bhféiniúlacht náisiúnta do gach leanbh agus duine óg, na buntáistí cultúrtha, teangeolaíocha, sóisialta agus gairmiúla a bhaineann le foghlaim agus úsáid na Gaeilge, agus na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a úsáid. Faoi mar a léirítear i dteideal an phlean gnímh, Is féidir liom, is féidir linn, roghnaíodh na gníomhartha d'fhonn cabhrú le gach duine, go háirithe leanaí, daoine óga agus múinteoirí, a aithint cad is féidir leo a dhéanamh i dtaca leis an nGaeilge, agus tógáil air sin i gcomhar le réimse éagsúil de pháirtithe leasmhara ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Cuimsíonn an plean gnímh freisin gníomhartha a chabhróidh le feasacht agus féinmheas a fhorbairt i measc leanaí agus daoine óga, múinteoirí agus daoine fásta eile i scoileanna maidir lena gcumas an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Ina theannta sin, tá gníomhartha ann a bhfuil sé mar aidhm acu tacú le foghlaimeoirí agus úsáideoirí Gaeilge chun tuiscint níos fearr a bheith acu ar fhoghlaim teanga, agus ar na buntáistí agus na próisis a bhaineann le níos mó ná teanga amháin a fhoghlaim agus a úsáid.

Mar aitheantas don ról ríthábhachtach atá ag an measúnú i dtacú le feasacht na bhfoghlaimeoirí ar a bhfoghlaim agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu, san áireamh sa phlean gnímh tá gníomhartha a thacaíonn le múinteoirí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as measúnú chun tacú le daltaí agus scoláirí agus iad ag foghlaim na Gaeilge.

Tá na gníomhartha a bhaineann le measúnú ailínithe leis na próisis reatha athbhreithnithe agus forbartha curaclaim lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach atá á dhéanamh ag SEALBHÚ, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, thar ceann na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus athfhorbairt na Gaeilge san Ardteistiméireacht i gcomhthéacs Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. De réir mar a théann na próisis chomhthreomhara sin ar aghaidh, cuirfidh siad an deis ar fáil freagairt go hiomlánaíoch d'aon deiseanna agus dúshláin a shainaithnítear sna sonraíochtaí curaclaim reatha, lena n-áirítear socruithe measúnaithe.

*Bunchloch 1: Meonta dearfacha a chothú i leith na Gaeilge*

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| **1.1** | **Feasacht a mhéadú i measc scoileanna, institiúidí ardoideachais, múinteoirí, tuismitheoirí, leanaí agus daoine óga agus múinteoirí faoi oiliúint maidir le luach agus úsáid na Gaeilge** | | |
| 1.1.1 | Tacaíocht a thabhairt d'eagrú imeachtaí agus gníomhaíochtaí a spreagann úsáid thaitneamhach na Gaeilge agus a cheiliúrann rath in úsáid na Gaeilge | | |
| 1.1.1.1 | Tacaíocht a thabhairt chun feasacht ar an scéim Gaelbhratach agus ar thionscnaimh cosúil léi a mhéadú, agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú | An Roinn Oideachais agus Óige<br><br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge |
| 1.1.1.2 | Feasacht ar chomórtais agus imeachtaí náisiúnta a mhéadaíonn úsáid na Gaeilge a mhúscailt (m.sh.Siansa, Seachtain na Gaeilge, Gaeilge 24, comortais díospóireachta) agus rannpháirtíocht iontu a spreagadh | An Roinn Oideachais agus Óige | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge |
| 1.1.2 | Plean agus feachtas cumarsáide atá dírithe ar scoileanna agus ar institiúidí ardoideachais (lena n-áirítear ábhair chlosamhairc) a dhearadh, a fhorbairt agus a reáchtáil maidir le ról na Gaeilge i bhféiniúlacht chultúrtha náisiúnta agus na buntáistí agus deiseanna cultúrtha, teangeolaíocha, sóisialta, gairmiúla agus eacnamaíocha a bhaineann leis an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt. | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta<br><br>An Roinn Oideachais agus Óige | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge<br><br>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| 1.1.3 | Tacú le rannpháirtíocht scoileanna le hábhair feachtais chumarsáide | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide |
| 1.1.4 | Tacú le húsáid na Gaeilge ag fóraim agus imeachtaí náisiúnta oideachais ar bhealach a chuimsíonn agus a spreagann daoine a bhfuil leibhéil éagsúla inniúlachta sa Ghaeilge acu | An Roinn Oideachais agus Óige | An tAonad Cumarsáide agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara, An Roinn Oideachais agus Óige |
| **1.2** | **Feasacht a mhúscailt i measc foghlaimeoirí/ úsáideoirí na Gaeilge maidir lena gcuid foghlama teanga féin** | | |
| 1.2.1 | Ionchais maidir le teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge a shoiléiriú | | |

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| 1.2.1.1 | Cumarsáid a dhéanamh le scoileanna chun na hionchais maidir le feidhmiú na Gaeilge i gCuraclam Teanga na Bunscoile a shoiléiriú, lena n-áirítear breathnú ar an íosmhéid ama atá molta do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge (mar atá leagtha amach i gCreatchuraclam na Bunscoile (2023) | An Roinn Oideachais agus Óige | An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta & An tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla, An Roinn Oideachais agus Óige |
| 1.2.1.2 | Caighdeáin teagaisc agus foghlama na Gaeilge bunaithe ar chleachtas éifeachtach a chur in iúl do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí ar fud scoileanna | An Roinn Oideachais agus Óige | Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige |
| 1.2.2 | Acmhainní don seomra ranga a fhorbairt chun tacú le tuiscint foghlaimeoirí agus úsáideoirí ar na gnéithe a bhaineann le foghlaim an dara teanga/teanga bhreise (lena n-áirítear an gá atá le dul sa seans agus botúin a dhéanamh), agus a bhfeasacht ar a ndul chun cinn i bhfoghlaim na Gaeilge | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>Oide |
| 1.2.3 | Tús a chur le nuashonrú a dhéanamh ar riachtanais tástála caighdeánaithe ag an mbunleibhéal, lena n-áirítear athfhorbairt agus caighdeánú a dhéanamh ar thrialacha éisteachta agus léitheoireachta sa Ghaeilge chun tacú le dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí | An Roinn Oideachais agus Óige | An Foras Taighde ar Oideachas |
| 1.2.4 | Obair a dhéanamh chun curaclaim na Gaeilge (agus na tacaíochtaí teagaisc agus na socruithe measúnaithe gaolmhara) a ailíniú le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) chun feabhas a chur ar an nGaeilge labhartha i scoileanna | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>Oide<br><br>Coimisiún na Scrúduithe Stáit<br><br>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| 1.2.5 | Tacú le múinteoirí bunscoile maidir le measúnú na Gaeilge agus maidir le húsáid sonraí measúnaithe chun tacú le foghlaim éifeachtach na Gaeilge, lena n-áirítear úsáid a bhaint as punanna (lena n-áirítear formáidí digiteacha) agus acmhainní digiteacha | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>Oide |
| 1.2.6 | Tacú le múinteoirí Gaeilge iar-bhunscoile maidir le húsáid éifeachtach a bhaint as measúnú foirmitheach laistigh de churaclam na hiar-bhunscoile, lena n-áirítear úsáid phunanna, agus a bheith dírithe ar inniúlacht labhartha ach go háirithe | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>Oide |



# 2.3 Bunchloch 2: Úsáid na Gaeilge a mhéadú

## Cad a léiríonn an taighde

Príomhchuspóir atá le teanga a fhoghlaim ná í a labhairt agus a úsáid. Léiríonn an taighde:

- go mbíonn tionchar dearfach ag méadú ar úsáid teanga ar mheon leanaí agus daoine óga i leith na teanga agus go dtacaíonn sé le forbairt a gcumas sa teanga.
- go mbraitheann úsáid teanga ar mhórán tosca lena n-áirítear meonta, spreagadh, teagmháil leis an teanga, deiseanna í a úsáid agus inniúlacht sa teanga.

Tá inniúlacht sa sprioctheanga thar a bheith tábhachtach mar go dtacaíonn sé le meonta dearfacha i leith na teanga agus le húsáid na teanga i measc foghlaimeoirí agus múinteoirí araon. Is príomhthosca iad inniúlacht teanga agus scileanna oideolaíocha an mhúinteora, mar aon lena dtoilteanas an teanga a úsáid, maidir le teagasc éifeachtach teanga agus maidir le húsáid na teanga a chur chun cinn i measc foghlaimeoirí.

## Na príomhtheachtaireachtaí ón gcomhairliúchán

Léiríonn an comhairliúchán gur mian le leanaí agus le daoine óga a bheith in ann Gaeilge a labhairt. Tá sé seo ag teastáil ó thuismitheoirí freisin. Mar sin féin, braitheann mórán leanaí agus daoine óga nach féidir leo é sin a dhéanamh go muiníneach agus léiríonn siad roinnt mhaith frustrachais faoin easpa dul chun cinn atá déanta acu ina leith seo. Teachtaireacht thábhachtach le linn an chomhairliúcháin ó rannpháirtithe ag leibhéal na scoile ná an gá atá ann an Ghaeilge a theagasc mar theanga ar an gcaoi chéanna a ndéantar nuatheangacha iasachta a theagasc. Teachtaireacht thábhachtach eile is ea gur cheart níos mó deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga an Ghaeilge a úsáid laistigh de cheachtanna Gaeilge, le linn an lae scoile agus lasmuigh den scoil. Bhí tacaíocht láidir ann i gcoitinne go mbeadh úsáid na Gaeilge mar ghnáthnós laistigh agus lasmuigh de shuíomhanna scoile.

Le linn an chomhairliúcháin, luaigh ceannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna aonair agus, ar scála níos lú, luaigh leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí mórán samplaí de chleachtas éifeachtach agus nuálach maidir le teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Léirigh na cleachtais seo na prionsabail agus na modheolaíochtaí maidir le teagasc na Gaeilge i sonraíochtaí curaclaim don Ghaeilge ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Sna cásanna seo, bhí ról ríthábhachtach ag ceannairí scoile maidir le cultúr a chruthú ina raibh an Ghaeilge mar ghné bheo agus infheicthe de shaol na scoile agus ina raibh cleachtais a bhí éifeachtach agus nuálach mar ghnáthchleachtais.

Mar sin féin, is léir nach bhfuil na cleachtais sin agus na heispéiris foghlama dearfacha a ghabhann leo comhsheasmhach ar fud gach scoil agus seomra ranga. Chuir leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí síos ar mhórán cleachtas teagaisc i scoileanna nach bhfuil ag teacht le sonraíochtaí an churaclaim don Ghaeilge agus a chuireann bac mór ar úsáid na Gaeilge i seomraí ranga agus a bhaineann d'eispéiris foghlama leanaí agus daoine óga. I measc na gcleachtas sin tá easpa deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach laistigh agus lasmuigh de cheachtanna; teagasc atá bunaithe ar ionchur an mhúinteora; teagasc na Gaeilge trí Bhéarla; an iomarca béime ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht bunaithe ar théacsleabhair (bunscoil); foghlaim focal aonair agus litrithe nach bhfuil i gcomhthéacs (bunscoil); agus an iomarca béime ar fhoghlaim de ghlanmheabhair agus ar nótaí a bhreacadh (iar-bhunscoil). Tugtar le tuiscint i roinnt tuairiscí ón gcomhairliúchán nach i gcónaí a chloítear fiú leis an íosmhéid ama atá leagtha síos don Ghaeilge.

Is minic a leag múinteoirí agus ceannairí scoile, go háirithe ag an mbunleibhéal, béim ar mhuinín agus inniúlacht múinteoirí agus múinteoirí faoi oiliúint sa Ghaeilge mar phríomhábhar imní. Luadh go minic freisin dúshláin maidir le múinteoirí cáilithe a earcú atá inniúil sa Ghaeilge, go háirithe ag an iar-bhunleibhéal.

Léirigh tuismitheoirí gur mhothaigh siad nach raibh siad in ann tacú le foghlaim a leanaí sa Ghaeilge agus go bhfáilteoidís roimh níos mó tacaíochta ó scoileanna maidir le heolas a bheith acu ar an méid a bhí á fhoghlaim ag a leanbh agus ar bhealaí éagsúla a bhféadfaidís a bheith páirteach i bhfoghlaim a linbh sa Ghaeilge.

## Gníomhartha

Tacaíonn an plean gnímh seo le teagasc na Gaeilge mar theanga agus tá sé mar aidhm aige níos mó deiseanna a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga chun í a labhairt agus a úsáid. Tá na gníomhartha faoi Bhunchloch 2 dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na príomhthosca a chuireann taca faoi úsáid teanga – is iad sin, muinín agus inniúlacht an úsáideora; inniúlacht teanga agus scileanna oideolaíocha an mhúinteora; cáilíocht na n-eispéireas foghlama, agus teagmháil leis an teanga agus deiseanna chun í a úsáid. Díríonn na gníomhartha seo freisin ar na príomhchomhthéacsanna agus daoine aonair a mbíonn an tionchar is mó acu ar fhoghlaim leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear ceannairí scoile, múinteoirí agus tuismitheoirí.

Sa phlean gnímh, tógtar ar shamplaí dea-chleachtais a roinn scoileanna agus múinteoirí aonair le linn an chomhairliúcháin. I measc na gcleachtas seo tá:

- cur chuige cumarsáideach, tascbhunaithe agus dírithe ar ghníomh a úsáid i leith theagasc na Gaeilge
- an Ghaeilge a úsáid mar mheán teagaisc le linn ceachtanna
- an Ghaeilge a bheith in úsáid go neamhfhoirmiúil ag ceannairí scoile, múinteoirí agus daltaí/scoláirí i rith an lae scoile
- an Ghaeilge a bheith feiceálach i dtimpeallacht na scoile
- ábhair nó cuid d'ábhair a mhúineadh trí Ghaeilge (Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga)
- páirt a ghlacadh in imeachtaí agus gníomhaíochtaí scoile uile trí Ghaeilge
- páirt a ghlacadh in imeachtaí agus gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil, lena n-áirítear cúrsaí Gaeltachta agus campaí samhraidh Gaeilge
- naisc a chruthú le scoileanna eile agus le heagraíochtaí agus tionscnaimh áitiúla/pobail
- tacú le tuismitheoirí chun a bheith páirteach san fhoghlaim atá á déanamh ag a leanaí sa Ghaeilge.

Tá an plean gnímh dírithe ar thacú le múinteoirí ionas go mbeidís níos éifeachtaí i dtaca lena bhfreagracht ghairmiúil agus a gcumas gníomhaithe chun sonraíochtaí an churaclaim don Ghaeilge a fheidhmiú go héifeachtach ionas go mbeidh eispéiris dhearfacha agus luachmhara ag a ndaltaí/scoláirí agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Tá dhá ghné ag baint leis an tacaíocht seo do mhúinteoirí:

- feasacht múinteoirí ar dheiseanna chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú a mhéadú agus tacú leo chun teacht ar na deiseanna sin.
- tacú le múinteoirí chun na modhanna teagaisc a mholtar sna sonraíochtaí curaclaim don Ghaeilge a fheidhmiú go héifeachtach.

De bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag ceannairí scoile i dtaca leis an gcultúr ceart a chruthú chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacú léi, tá gníomhartha sa phlean gnímh chun tacú le ceannairí scoile ceannas a ghlacadh ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge go héifeachtach ina gcuid scoileanna.

San áireamh sa phlean gnímh freisin tá gníomhartha chun cuidiú le tuismitheoirí maidir le tacú lena leanaí agus a bheith rannpháirteach leo agus iad ag foghlaim agus ag úsáid na Gaeilge.

*Pillar 2: Increase the use of Irish*

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| **2.1** | **Tacú le ceannairí scoile chun ceannas a ghlacadh ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge i scoileanna** | | |
| 2.1.1 | Tacaíocht a chur ar fáil do cheannairí scoile i scoileanna meán-Bhéarla maidir le cultúr scoile dearfach a chruthú don Ghaeilge agus ceannaireacht a ghlacadh ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge ina scoileanna | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide |
| 2.1.2 | Tacú le ceannairí scoile maidir le húsáid phróiseas na féinmheastóireachta scoile chun feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge i scoileanna | Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige | Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige<br><br>Oide |
| 2.1.3 | Cleachtas éifeachtach i dtaca le ceannaireacht a ghlacadh ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge a ghabháil agus a roinnt agus úsáid a bhaint as cur chuige ilmheán chuige sin | An Roinn Oideachais agus Óige | Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige<br><br>Oide |
| **2.2** | **Inniúlacht múinteoirí sa Ghaeilge a choinneáil agus a fheabhsú** | | |
| 2.2.1 | Oibriú le hinstitiúidí ardoideachais chun deiseanna cumarsáide nuálacha agus spreagúla a sholáthar do mhúinteoirí faoi oiliúint chun a gcuid Gaeilge a úsáid agus a fheabhsú | An Roinn Oideachais agus Óige | An tAonad Gaeilge um Scoileanna meán-Bhéarla & An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Óige i gcomhar le soláthraithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí |

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| 2.2.2 | Oibriú le hinstitiúidí ardoideachais chun feasacht a mhéadú maidir leis na tacaíochtaí atá á gcur ar fáil acu don Ghaeilge in earnáil na scoileanna | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta<br><br>An Roinn Oideachais agus Óige | An tAonad Beartais agus Athchoirithe Ardoideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus An tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla, An Roinn Oideachais agus Óige i gcomhar le hinstitúidí ardoideachais |
| 2.2.3 | Bealaí a iniúchadh chun rochtain ar chúrsaí Gaeilge do mhúinteoirí a mhaoiniú | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta<br><br>An tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla & An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Óige |
| 2.2.4 | Iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr agus is féidir le cláir oideachais tosaigh múinteoirí tacú le múinteoirí faoi oiliúint chun na scileanna agus na hinniúlachtaí Gaeilge agus oideolaíocha is gá a fhorbairt chun an Ghaeilge a theagasc, agus chun dul i mbun plé le páirtithe leasmhara ábhartha, mar chuid den chéad athbhreithniú eile ar *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí* | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle Mhúinteoireachta |
| 2.2.5 | Gníomhartha a fheidhmiú chun soláthar múinteoirí Gaeilge a chinntiú in iar-bhunscoileanna, lena n-áirítear cúrsaí uasoiliúna a sholáthar, iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht múinteoirí a roinnt agus taighde a dhéanamh ar ghnéithe den soláthar ina bhfuil gá le tuilleadh eolais | An Roinn Oideachais agus Óige | An tAonad um Sholáthar Múinteoirí, an Roinn Oideachais agus Óige |
| 2.2.6 | An t-eolas atá ag ceannairí scoile agus múinteoirí ar chúrsaí samhraidh agus ar eispéiris foghlama gairmiúla eile, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge tumthacha a thacaíonn leo a gcumas sa Ghaeilge a choinneáil agus a fhorbairt, chomh maith lena rannpháirtíocht iontu a mhéadú | An Roinn Oideachais agus Óige<br><br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann<br><br>Oide |

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| **2.3** | **Scileanna múinteoirí maidir le teagasc na Gaeilge a choinneáil agus a fheabhsú** | | |
| 2.3.1 | Feabhas a chur ar na tacaíochtaí ón nGaelaonad in Oide chun tacaíocht shaincheaptha a sholáthar do mhúinteoirí i scoileanna meán-Bhéarla | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide |
| 2.3.2 | Feasacht agus rannpháirtíocht múinteoirí a mhéadú maidir le cúrsaí samhraidh agus eispéiris foghlama gairmiúla eile a thacaíonn le forbairt a gcuid scileanna i dteagasc na Gaeilge | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide<br><br>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann |
| 2.3.3 | Cleachtas éifeachtach agus eispéiris dhearfacha agus thaitneamhacha maidir le teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge a ghabháil agus a roinnt | | |
| 2.3.3.1 | Tacú le bunú pobal cleachtais, le tionscnaimh chomhoibríocha idir cnuasaigh scoileanna agus nascadh scoileanna ar bhonn píolótach | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide<br><br>Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann<br><br>Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| 2.3.3.2 | Samplaí de chleachtas éifeachtach agus d'eispéiris rathúla i dteagasc, i bhfoghlaim agus in úsáid na Gaeilge i scoileanna agus i seomraí ranga meán-Bhéarla a ghabháil agus a roinnt, ag baint úsáid as cur chuige ilmheán | An Roinn Oideachais agus Óige | Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige<br><br>Oide |
| 2.3.4 | Múinteoirí a éascú chun níos mó úsáide a bhaint as Sparánacht Féilte chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle Mhúinteoireachta |
| **2.4** | **Tacú le múinteoirí agus le múinteoirí faoi oiliúint chun úsáid a bhaint as acmhainní atá ann cheana féin agus acmhainní breise a sholáthar** | | |
| 2.4.1 | Mol aonair ar líne a fhorbairt agus a bhainistiú ina mbeidh naisc chuig acmhainní ábhartha chun teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla a chur chun cinn agus tacú leo | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| 2.4.2 | Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus do mhúinteoirí faoi oiliúint chun eolas a chur ar acmhainní atá ann cheana féin agus iad a úsáid laistigh d'eispéiris foghlama gairmiúla | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide<br><br>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>Soláthraithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí |
| 2.4.3 | Acmhainn a fhorbairt chun tacú le forbairt scileanna éisteachta agus teanga labhartha daltaí/scoláirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna meán-Bhéarla | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>Oide (comhairleach) |
| **2.5** | **Deiseanna chun úsáid na Gaeilge a mhéadú i scoileanna agus i seomraí ranga** | | |
| 2.5.1 | Tacú le scoileanna chun úsáid na Gaeilge a leabú mar theanga an teagaisc le linn theagasc na Gaeilge trí eispéiris foghlama gairmiúla, ábhair churaclaim agus cigireacht | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide<br><br>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige |
| 2.5.2 | Tacú le scoileanna chun úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge a leabú i measc ceannairí scoile, múinteoirí agus daltaí/scoláirí lasmuigh de cheachtanna trí eispéiris foghlama gairmiúla, ábhair churaclaim agus cigireacht | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide<br><br>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige |
| 2.5.3 | Tacú le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun smaointe a fhorbairt agus a fheidhmiú maidir leis an gcaoi ar féidir leo daltaí agus scoláirí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid agus taitneamh a bhaint as í a úsáid | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide<br><br>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| 2.5.4 | Tacú le teagasc ábhar eile trí mheán na Gaeilge trí rannpháirtíocht bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i dtionscadail foghlama comhtháite ábhair agus teanga (FCÁT) atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Óige a mhéadú | An Roinn Oideachais agus Óige | Oide<br><br>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| 2.5.5 | Na féidearthachtaí atá ann chun tógáil ar eispéireas luath leanaí ar an nGaeilge i suíomhanna cúraim agus oideachais luath-óige a fhiosrú | An Roinn Oideachais agus Óige<br><br>An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais | An tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla & An Rannóg um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí agus<br><br>Luathbhlianta, An Roinn Oideachais agus Óige<br><br>An tAonad Cáilíochta, An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais |
| 2.5.6 | Tacú le húsáid na Gaeilge le linn cuairteanna comhairleacha, tacaíochta, comhairliúcháin agus cigireachta ar scoileanna nuair is féidir | An Roinn Oideachais agus Óige | Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige<br><br>Oide<br><br>An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais<br><br>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta<br><br>Gníomhaireachtaí ábhartha eile |
| 2.5.7 | Dul i gcomhairle le TG4 maidir le forbairt Foghlaim TG4 chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla, lena n-áirítear feabhas a chur ar chomhoibriú idir TG4 agus soláthraithe eile | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| 2.5.8 | Dul i gcomhairle le heagraíochtaí eile (amhail soláthraithe tuairisc.ie agus e-Leathanach) a thacaíonn le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla agus tacú le húsáid a n-acmhainní | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>Foras na Gaeilge |

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| **2.6** | **Deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh de scoileanna a mhéadú** | | |
| 2.6.1 | Deiseanna a leathnú do mhúinteoirí chun an Ghaeilge a úsáid | | |
| 2.6.1.1 | Feasacht a mhéadú i scoileanna agus in institiúidí ardoideachais ar na gníomhaíochtaí agus na tionscnaimh ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil a chuireann deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid ar fáil | An Roinn Oideachais agus Óige<br><br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge<br><br>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>Oide |
| 2.6.1.2 | Tacú le bunú tob-Ghaeltachtaí, ciorcail chomhrá agus Teagasc le Chéile in ionaid oideachais | An Roinn Oideachais agus Óige | Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann |
| 2.6.2 | Deiseanna a leathnú do leanaí agus do dhaoine óga i scoileanna meán-Bhéarla chun an Ghaeilge a úsáid agus taitneamh a bhaint as úsáid na Gaeilge | | |
| 2.6.2.1 | Leanúint de scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil do scoláirí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna atá rannpháirteach sa chlár Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS) agus feasacht a mhéadú ar na scoláireachtaí seo agus rochtain scoláirí orthu a spreagadh | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta | Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin<br><br>Foras na Gaeilge |
| 2.6.2.2 | Feasacht a mhéadú ar naisc, agus tacú leo trí chur chuige réigiúnach spriocdhírithe, le heagraíochtaí agus tionscnaimh Ghaeilge náisiúnta agus áitiúla, na meáin shóisialta, tob-Ghaeltachtaí, spóirt, ealaíona agus gníomhaíochtaí pobail a bhaineann le scoileanna | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta<br><br>An Roinn Oideachais agus Óige | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge |
| 2.6.2.3 | Feasacht a mhéadú ar chlubanna óige Gaeilge atá ann cheana féin agus níos mó rannpháirtíochta ó leanaí agus daoine óga iontu a spreagadh | An Roinn Oideachais agus Óige | Gach seirbhís don óige, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí don óige trí mheán na Gaeilge<br><br>Boird Oideachais agus Oiliúna le tacaíocht ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann |

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| 2.6.2.4 | Tacú le bunú clubanna óige agus gníomhaíochtaí iarscoile Gaeilge i gceantair nach bhfuil siad ar fáil iontu faoi láthair | An Roinn Oideachais agus Óige<br><br>An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comionannais | Gach seirbhís don óige, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí don óige trí mheán na Gaeilge<br><br>Boird Oideachais agus Oiliúna le tacaíocht ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann<br><br>An tAonad Cáilíochta, An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais |
| 2.6.2.5 | Feasacht a mhéadú ar champaí samhraidh a reáchtáiltear lasmuigh den Ghaeltacht, agus rannpháirtíocht scoláirí iontu a spreagadh | An Roinn Oideachais agus Óige | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge |
| **2.7** | **Tacú le tuismitheoirí chun a bheith páirteach i bhfoghlaim a gcuid leanaí sa Ghaeilge** | | |
| 2.7.1 | Infheictheacht agus inrochtaineacht na n-acmhainní reatha, lena n-áirítear acmhainní digiteacha, a mhéadú i measc tuismitheoirí chun tacú lena bpáistí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, agus chun taitneamh a bhaint aisti | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta<br><br>An Roinn Oideachais agus Óige | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge<br><br>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| 2.7.2 | Acmhainní a fhorbairt chun cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim a gcuid leanaí sa Ghaeilge, agus chun cabhrú le tuismitheoirí agus leanaí chun taitneamh as an teanga a úsáid le chéile | An Roinn Oideachais agus Óige | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge<br><br>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| 2.7.3 | Samplaí de chleachtais éifeachtacha a bhailiú agus a roinnt maidir leis an gcaoi a dtacaíonn scoileanna meán-Bhéarla le tuismitheoirí chun a bheith rannpháirteach lena bpáistí ag foghlaim agus ag úsáid na Gaeilge | An Roinn Oideachais agus Óige | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge |
| 2.7.4 | Tabhairt faoi fheachtas feasachta dírithe ar thuismitheoirí ag díriú aird ar infhaighteacht agus inrochtaineacht ranganna Gaeilge | An Roinn Oideachais agus Óige | Foras na Gaeilge agus ceanneagraíochtaí ábhartha Gaeilge |



# 2.4 Bunchloch 3: Ag tacú le rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar an nGaeilge

## Cad a léiríonn an taighde agus an beartas

Tugann taighde ar shealbhú an dara teanga le tuiscint go bhfuil teagmháil thaitneamhach agus rathúil leis an nGaeilge mar cheart agus mar dheis ag gach leanbh agus duine óg, de réir mar is cuí dá riachtanais foghlama, dá gcéim forbartha agus dá gcumas.

Aithnítear in Airteagal 24 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas oideachas cuimsitheach a fháil ag gach leibhéal ar bhonn comhionann le daoine eile sna pobail ina gcónaíonn siad. Leagtar béim freisin ann ar fhreastal réasúnta a dhéanamh ar riachtanais an duine aonair.

Díríonn prionsabal an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) ar fhaisnéis agus ábhar a chur i láthair ar bhealaí éagsúla chun freastal ar roghanna agus riachtanais foghlama éagsúla. Baineann Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim le dearadh eispéireas foghlama, timpeallachtaí agus ábhar atá solúbtha agus cuimsitheach ó nádúr agus atá inrochtana ag gach foghlaimeoir. Cuidíonn soláthar modhanna éagsúla rannpháirtíochta, ionadaíochta, agus gníomhaíochta agus léirithe le bacainní ar fhoghlaim a íoslaghdú.

Gné lárnach de chóras oideachais na hÉireann is ea oideachas cuimsitheach a sholáthar do gach leanbh agus duine óg, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, iad siúd atá néara-éagsúil agus iad siúd ó chúlraí mionlach imirceach agus eitneach. Tá prionsabail na cuimsitheachta agus na foghlama difreáilte mar bhonn taca do shonraíochtaí curaclaim bunscoile agus iar-bhunscoile freisin agus baineann siad le rannpháirtíocht daltaí/scoláirí i ngach ábhar, an Ghaeilge san áireamh.

Dá réir sin, spreagfar scoileanna le deiseanna a chur ar fáil do gach dalta agus scoláire, a mhéid is féidir agus ar bhealach bríoch, chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha na Gaeilge ar leibhéal atá oiriúnach dá riachtanais foghlama agus chun leibhéal inniúlachta pearsanta a bhaint amach atá oiriúnach dá gcumas.

## Na príomhtheachtaireachtaí ón gcomhairliúchán

Le linn an chomhairliúcháin, cheistigh siad siúd a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, lena n-áirítear iad siúd atá néara-éagsúil, agus leanaí agus daoine óga ó ghrúpaí mionlaigh i measc daoine eile an tuairimíocht faoi oiriúnacht na leanaí agus na ndaoine óga sin chun Gaeilge a fhoghlaim. Is é sin le rá, chuir siad an tuairim in iúl gur cosúil go raibh glactha leis nár cheart do leanaí ó na grúpaí sin Gaeilge a fhoghlaim, nó nach raibh gá acu léi. Ba é a rogha shoiléir go dtabharfaí deiseanna fónta do gach leanbh an Ghaeilge a fhoghlaim, ar bhealach a oireann dá riachtanas.

Thug roinnt rannpháirtithe le tuiscint le linn an chomhairliúcháin freisin, mar gheall ar an tosaíocht a thugtar d'fhorbairt scileanna litearthachta sa Bhéarla, go raibh laghdú ar an bhfócas ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge i scoileanna atá rannpháirteach sa chlár Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS). Níl sé sin ag teacht le seasamh na Gaeilge mar chroí-

ábhar sa churaclam. Níl sé ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití ina leagtar béim ar fhorbairt scileanna litearthachta sa Ghaeilge ach an oiread. Le linn an chomhairliúcháin, leag ceannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna DEIS béim ar an tábhacht a bhaineann le bealaí a aimsiú chun leanaí agus daoine óga sna scoileanna sin a chur ar an eolas faoin tábhacht atá le foghlaim na Gaeilge mar bhealach chun iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim na Gaeilge.

Leagadh béim ar an ngá atá le cuir chuige agus acmhainní teagaisc a oiriúnú ionas go mbeidh rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar an nGaeilge agus go mbeidh rath ar a gcuid foghlama inti. Sa chomhthéacs sin, luadh go sonrach an gá atá le clár saincheaptha atá bunaithe ar thaighde chun aithint focal a theagasc i nGaeilge i scoileanna meán-Bhéarla, agus saintréithe fóineolaíochta, ortagrafaíochta agus moirfeolaíochta na Gaeilge á gcur san áireamh.

Ina theannta sin, tugadh le tuiscint go mbeadh rath ní b'fhearr ar na leanaí agus na daoine óga seo i bhfoghlaim na Gaeilge dá ndíreofaí níos mó ar fhorbairt a scileanna éisteachta agus labhartha (seachas léitheoireacht agus scríbhneoireacht) agus go gcuirfeadh sé sin ar a gcumas leanúint lena bhfoghlaim sa Ghaeilge.

Cuireadh béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainní a bheith ann don Ghaeilge a léiríonn éagsúlacht na bpobal scoile. Tarraingíodh aird freisin ar an ngá atá le tacaíocht foghlama don Ghaeilge a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil an tacaíocht sin de dhíth orthu.

## Gníomhartha

Áirítear sa phlean gnímh seo gníomhartha a bhfuil tacaíocht agus treoir bhreise do scoileanna agus do mhúinteoirí i gceist iontu, d'fhonn tacú le gach leanbh agus duine óg maidir le foghlaim na Gaeilge, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus iad siúd ó ghrúpaí mionlaigh. Beidh sé mar thosaíocht breithniú a dhéanamh ar an mbealach a bhféadfaí acmhainní le haghaidh fhoghlaim na Gaeilge a dhéanamh níos cuimsithí agus níos inrochtana, agus ionadaíoch do chúlraí éagsúla leanaí agus daoine óga i scoileanna, lena n-áirítear iad siúd ó phobail an Lucht Siúil agus na Romach agus iad siúd atá nua in Éirinn.

Áirítear sa phlean gnímh freisin gníomhartha a thacaíonn le Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) chun cur le húsáid na Gaeilge i scoileanna. I gcomhthéacs a róil i dtaca le cúram agus tacaíocht neamhtheagaisc, is féidir CRSanna tacú le daltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun úsáid a bhaint as an nGaeilge.

*Bunchloch 3: Tacú le rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar fhoghlaim na Gaeilge*

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| **3.1** | **Tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, daoine atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus daoine ó phobail mhionlaigh maidir le foghlaim na Gaeilge** | | |
| 3.1.1 | Tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le húsáid chuir chuige teagaisc ionchuimsitheacha a éascaíonn gach leanbh agus duine óg chun a bheith rannpháirteach go rathúil i bhfoghlaim na Gaeilge agus taitneamh a bhaint as (m.sh. scafláil na foghlama chun freastal ar riachtanais éagsúla) | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>Oide<br><br>An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| 3.1.2 | Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí ar féidir tacú le teagasc agus foghlaim fhónaic agus ortagrafaíocht/litriú na Gaeilge agus acmhainní breise a sholáthar de réir mar is gá | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| 3.1.3 | A chinntiú go bhfuil acmhainní nua don Ghaeilge ionadaíoch do na próifílí éagsúla atá ag daltaí/scoláirí i scoileanna, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga ó phobail an Lucht Siúil agus na Romach agus iad siúd ó chúlraí eile atá éagsúil ó thaobh teanga agus cultúir de | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| 3.1.4 | Tacaíocht foghlama a chur ar fáil don Ghaeilge do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil dúshláin shuntasacha acu chun í a fhoghlaim, mar chuid den Contanam Tacaíochta ag leibhéal an tseomra ranga | An Roinn Oideachais agus Óige | Gach scoil |
| 3.1.5 | Treoir a chur ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le conas is féidir le gach leanbh agus duine óg rochtain a fháil ar fhoghlaim na Gaeilge laistigh de chreat an Chontanaim Tacaíochta. Ba cheart an treoir seo a bheith ailínithe le prionsabail an oideachais ionchuimsithigh agus an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim, cleachtais oideolaíochta éifeachtacha, agus feidhmiú na gCiorclán maidir le Díolúintí ó Staidéar ar an nGaeilge i scoileanna | An Roinn Oideachais agus Óige | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais<br><br>An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| 3.1.6 | Ábhar tacaíochta agus eispéiris foghlama gairmiúla a chur ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le teagasc na Gaeilge do leanaí ó thíortha eile a bhfuil tacaíocht teanga bhreise de dhíth uathu | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta<br><br>Oide |
| 3.1.7 | Tacaíochtaí a chur ar fáil do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) chun a gcumas sa Ghaeilge a fhorbairt | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br><br>Soláthraithe cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta |
| 3.1.8 | Treoir a chur ar fáil do CRSanna maidir lena ról, mar chuid de chur chuige scoile uile, i leith tacaíocht a thabhairt do dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun an Ghaeilge a úsáid | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |




# 2.5 Bunchloch 4: Tacaíochtaí don Ghaeilge a chomhtháthú

## Cad a léiríonn an taighde agus an beartas

Leagtar béim sa taighde ar an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht agus gníomhaíocht chomhtháite, chomh maith le comhoibriú i measc agus laistigh d'eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí, chun seirbhísí níos fearr agus níos freagrúla a fhorbairt d'úsáideoirí na seirbhísí. Cuireann an cur chuige sin deiseanna ar fáil chun oibriú i dtreo sraith cuspóirí comhchoiteanna agus chun faisnéis agus smaointe a roinnt. Cuidíonn sé freisin le gníomhartha agus feabhsuithe a chomhordú, agus le dúbláil iarrachtaí agus acmhainní a laghdú.

## Na príomhtheachtaireachtaí ón gcomhairliúchán

Léiríonn an plé le heagraíochtaí náisiúnta oideachais agus Gaeilge, seirbhísí tacaíochta, institiúidí ardoideachais agus scoileanna le linn an chomhairliúcháin go bhfuil réimse leathan tionscnamh, scéimeanna agus acmhainní ardchaighdeáin ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ar fud an chórais oideachais. Tá neart tacaíochtaí ar fáil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais freisin chun tacú le forbairt inniúlachta múinteoirí agus daoine óga sa Ghaeilge agus deiseanna a thabhairt dóibh an Ghaeilge a úsáid.

Tá mórán beartas, gníomhartha, struchtúr agus acmhainní i bhfeidhm cheana féin chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i ranna Stáit, gníomhaireachtaí, seirbhísí tacaíochta agus eagraíochtaí Gaeilge. I measc na mbeartas atá ann cheana féin a thacaíonn le teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge tá:

- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
- Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití 2024-2033
- Ráiteas Beartais um Oideachas Tosaigh Múinteoirí
- Creatchuraclam na Bunscoile
- Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022
- Plean Straitéiseach An Fhorais Taighde ar Oideachas, 2025 - 2030
- Deiseanna don Óige: Straitéis Náisiúnta d'Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara 2024-2028

Áirítear le beartais ábhartha eile Déanann Teangacha Nasc: Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026. Tá deiseanna ann freisin an plean gnímh a ailíniú le beartais nua amhail an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus an Plean Náisiúnta do Sholáthar na Gaeilge i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus i gCúram Leanaí d'Aois Scoile arna fhorbairt ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus atá le teacht go luath. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh an plean gnímh ailínithe leis na gealltanais don Ghaeilge atá i gClár an Rialtais 2025 - Todhchaí na hÉireann a Shlánú, lena n-áirítear an gníomh a

bhaineann le hailíniú churaclam na Gaeilge le Comhchreat Tagartha na hEorpa do Theangacha (CEFR).

Mar a léiríodh le linn an chomhairliúcháin, áfach, is cosúil go bhfuil easpa suntasach feasachta ag leibhéil an chórais agus na scoile maidir le fairsinge na dtionscnamh agus na n-acmhainní atá ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge agus conas rochtain a fháil orthu. Tá easpa feasachta ginearálta ann freisin i measc scoileanna agus múinteoirí i scoileanna meán-Bhéarla agus i measc múinteoirí faoi oiliúint maidir le conas an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

Luadh go minic le linn an chomhairliúcháin freisin an gá atá le hacmhainní atá ann cheana a oiriúnú, nó le hacmhainní saincheaptha a fhorbairt do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla, i gcásanna ina bhfuil bearnaí sa soláthar.

## Gníomhartha

Leagtar béim sa phlean gnímh ar an ngá atá ann go bhfeabhsódh gach eagraíocht a oibríonn le scoileanna i dtaca leis an nGaeilge, lena n-áirítear iad siúd laistigh den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí chomh maith le heagraíochtaí páirtithe leasmhar, a gcomhoibriú chun líon beag cuspóirí straitéiseacha tábhachtacha a bhaint amach. Is léiriú soiléir ar an intinn seo ón Roinn é struchtúr foriomlán an phlean gnímh thar cheithre phríomhréimse, agus ar an tábhacht a mheasann sí atá leis.

Nascann, comhdhlúthaíonn agus leathnaíonn an plean gnímh seo gníomhartha ábhartha don Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla atá san áireamh i mbeartais atá ann cheana féin a thacaíonn le teagasc agus foghlaim na Gaeilge. Ar an gcaoi chéanna, tá sé ailínithe, de réir mar is ábhartha, le beartais nua laistigh den chóras oideachais don Ghaeilge, lena n-áirítear an Plean Náisiúnta um Sholáthar Gaeilge d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus do Chúram Leanaí d'Aois Scoile atá le teacht go luath agus an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht; tacóidh sé seo le dul chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim na Gaeilge idir suíomhanna cúraim agus oideachais luath-óige agus bunscoileanna agus le comhdhlúthú iarrachtaí trasna earnálacha.

Gné lárnach den phlean gnímh seo is ea tacú le feasacht ar acmhainní atá ann cheana féin don Ghaeilge ag scoileanna agus ag múinteoirí, rochtain orthu, agus úsáid na n-acmhainní sin. Cuireann sé béim láidir freisin ar chomhroinnt dea-chleachtais idir scoileanna, ceannairí scoile, múinteoirí agus institiúidí ardoideachais trí chur chuige ilghnéitheach.

Tá sé mar aidhm ag an bplean gnímh freisin struchtúir atá i bhfeidhm cheana féin a neartú agus struchtúir bhreise a fhorbairt de réir mar is gá chun comhordú níos fearr a éascú i ndáil le soláthar do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla. Beidh oibriú go dlúth le ranna rialtais ábhartha, le rannóga laistigh den roinn, le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí faoin roinn, le heagraíochtaí Gaeilge, le soláthraithe seirbhísí don óige, agus le páirtithe leasmhara náisiúnta agus scoile i gceist leis sin.

Úsáidfear an teicneolaíocht mar chumasóir lárnach le haghaidh tacaíochta agus inrochtaineacht acmhainní. Beidh ról ríthábhachtach aici maidir le nascadh idir iad siúd a bhfuil acmhainní de dhíth orthu agus iad siúd a bhfuil siad acu, ag cothú comhoibriú agus comhroinnt.

Ba cheart go gcuideodh comhtháthú agus comhordú níos fearr le tionchar chomhiarrachtaí chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla a uasmhéadú. Ba cheart go dtabharfadh sé éifeacht níos mó freisin don infheistíocht atá ann cheana féin sa Ghaeilge do na scoileanna seo agus d'aon infheistíocht bhreise a chuirtear ar fáil chun tacú le feidhmiú an phlean gnímh seo.

*Bunchloch 4: Tacaíochtaí don Ghaeilge a chomhtháthú*

| | | Ceannasaí Beartais | Ceannasaí Feidhmithe |
|---|---|---|---|
| **4.1** | **Comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí chun tacú leis an nGaeilge** | | |
| 4.1.1 | Tógáil ar struchtúir atá ann cheana féin chun tacú le comhordú tacaíochtaí don Ghaeilge ar fud ranna, comhlachtaí, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus institiúidí ardoideachais | An Roinn Oideachais agus Óige | An tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla (AGSMB), An Roinn Oideachais agus Óige i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara agus na heagraíochtaí ábhartha go léir |
| 4.1.2 | Comhordú a dhéanamh ar ailíniú le feidhmiú gníomhartha ábhartha i mbeartais agus i bpleananna eile agus le gníomhartha forbartha agus feidhmithe curaclaim | An Roinn Oideachais agus Óige | AGSMB, an Roinn Oideachais agus Óige i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara agus na heagraíochtaí ábhartha go léir |
| 4.1.3 | Socruithe a chur i bhfeidhm chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh faoin bplean gnímh agus a fheidhmiú ag leibhéil an chórais agus ag leibhéal na scoile, ag tarraingt agus ag tógáil ar líonraí agus meáin agus fóraim chumarsáide atá ann cheana féin | An Roinn Oideachais agus Óige | AGSMB, an Roinn Oideachais agus Óige i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara agus na heagraíochtaí ábhartha go léir |
| **4.2** | **Gníomhartha a chur i bhfeidhm chun tionchar an phlean gnímh a mheas** | | |
| 4.2.1 | Taighde nua a choimisiúnú i gcásanna ina bhfuil bearnaí taighde agus faisnéise | An Roinn Oideachais agus Óige | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| 4.2.2 | Clár meastóireachtaí ar an nGaeilge a dhéanamh | An Roinn Oideachais agus Óige | Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige |
| 4.2.3 | Aiseolas a bhailiú go bliantúil ó leanaí agus daoine óga, ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí agus ó cheannairí i scoileanna chun tionchar ghnéithe den phlean gnímh a mheas agus tacaíochtaí a choigeartú dá réir | An Roinn Oideachais agus Óige | AGSMB, An Roinn Oideachais agus Óige<br><br>Oide |
| 4.2.4 | Úsáid a bhaint as critéir ratha chun tionchar an phlean gnímh a mheas agus tuarascálacha ar dhul chun cinn a fhoilsiú ag deireadh na chéad bhliana agus ag deireadh an dara bliain den fheidhmiú | An Roinn Oideachais agus Óige | AGSMB, An Roinn Oideachais agus Óige |

# 3 Feidhmiú



# 3 Feidhmiú

## 3.1 Cur chuige

Tacóidh cur chuige comhpháirtíochta lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí oideachais agus páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe ábhartha eile san oideachas agus sa Ghaeilge le feidhmiú an phlean gnímh seo.

Déanfar dul chun cinn i dtreo fheidhmiú an phlean gnímh trí phróiseas pleanála agus athbhreithnithe a éileoidh iarracht agus fócas leanúnach ar fud gach cuid den chóras oideachais. Beidh sé seo faoi réir infhaighteacht acmhainní ar an ngnáthbhealach freisin.

Bunóidh an roinn na struchtúir riachtanacha chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean gnímh agus chun é a chumasú. Beidh struchtúir den sórt sin ailínithe leis na grúpaí maoirseachta agus oibre atá ann cheana féin don Ghaeilge laistigh den roinn agus cuirfidh siad leo. Beidh ionadaíocht iontu ó gach comhlacht, gníomhaireacht agus eagraíocht sheachtrach, agus rannóg ábhartha laistigh den roinn.

I bhfianaise na tréimhse dhá bhliain atá ann chun an plean gnímh seo a fheidhmiú, féadfar roinnt gníomhartha a reáchtáil ar bhonn píolótach i gceantair éagsúla sa tír chun feidhmiú rathúil agus spriocdhírithe na ngníomhartha a chumasú agus tacú leo. Cuirfidh an méid a fhoghlaimítear ó fheidhmiú na ngníomhartha spriocdhírithe seo eolas ar fáil chun breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann na gníomhartha a chur i bhfeidhm ar bhealach níos forleithne mar chuid de bheartas foriomlán maidir leis an nGaeilge san oideachas.

Is tús le próiseas chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla, ar bhealach atá spriocdhírithe agus a mbeidh tionchar aige é, an plean gnímh seo. Tógfar ar an tacaíocht seo agus leanfar de i gcomhthéacs beartais fhoriomláin maidir leis an nGaeilge san oideachas agus pleananna gnímh gaolmhara amach anseo a thugann le chéile na trí shnáithe oibre atá ar bun ag an roinn a bhaineann leis an nGaeilge – oideachas Gaeltachta, oideachas lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht agus an Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla. Beidh an fhoghlaim ó fheidhmiú an phlean gnímh seo agus fianaise ar a thionchar mar aon le faisnéis chomhchosúil a bhaineann le soláthar na snáitheanna eile lárnach maidir le treoir a thabhairt do bheartas foriomlán maidir leis an nGaeilge san oideachas.

## 3.2 Rath a thomhas

Beidh bailiú faisnéise faoi thionchar an phlean gnímh, go cainníochtúil agus go cáilíochtúil araon, mar ghné ríthábhachtach dá fheidhmiú. Beidh sé seo ina phróiseas leanúnach thar thréimhse dhá bhliain an phlean gnímh a mbeidh bailiú, anailís agus scaipeadh sonraí agus aiseolais ó raon leathan foinsí mar chuid de. Áireofar leis na foinsí seo taighde, meastóireachtaí ar an nGaeilge ag an gCigireacht, agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara náisiúnta agus ó phobail scoile, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga.

- Cabhróidh taighde le tionchar an phlean gnímh a mheas agus le bearnaí faisnéise a réiteach a chuirfidh bonn eolais faoi chinntí beartais agus idirghabhálacha breise i dtaca leis an nGaeilge i scoileanna meán-Bhéarla agus ar fud an chórais oideachais.
- Cabhróidh meastóireachtaí ar an nGaeilge ag an gCigireacht agus rannpháirtíocht chigirí le scoileanna chun próifíl na Gaeilge agus na hionchais ina leith a ardú i scoileanna. Leanfar freisin de bheith ag soláthar faisnéis luachmhar maidir le héifeachtacht fheidhmiú an churaclaim agus gníomhartha beartais don Ghaeilge, chomh maith le hinniúlacht múinteoirí chun an Gaeilge a theagasc agus eispéiris agus torthaí foghlama leanaí agus daoine óga.
- Cabhróidh aiseolas ó phobail scoile, lena n-áirítear úsáid a bhaint as cur chuige samplála srathaithe randamaithe agus suirbhéanna ar mhúinteoirí tar éis dóibh freastal ar imeachtaí foghlama gairmiúla, le measúnú a dhéanamh ar thionchar an phlean gnímh agus na dtionscnamh agus na n-idirghabhálacha gaolmhara ar an taithí saoil a bhaineann le teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna..

Ina theannta sin, tá táscairí sainaitheanta a fheidhmeoidh mar thagarmharcanna chun dul chun cinn a mheas agus chun réimsí a aithint ina bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise le linn fheidhmiú an phlean gnímh agus ag a dheireadh. Cinntíonn an cur chuige seo i leith monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn go leanfaidh an plean gnímh de bheith freagrúil do riachtanais atá ag athrú. Déanfar dul chun cinn a thaifeadadh go bliantúil agus a scaipeadh i dtuarascálacha a fhoilseofar.

| Táscairí | Bunclocha |
|---|---|
| Meonta i measc leanaí agus daoine óga i leith fhoghlaim agus úsáid na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | Bunchloch 1, Bunchloch 3 |
| Meonta i measc múinteoirí bunscoile i leith na Gaeilge, teagasc na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge | Bunchloch 1 |
| Líon na scoileanna atá páirteach sa scéim Gaelbhratach | Bunchloch 1 |
| Feachtais chumarsáide a thabhairt chun críche | Bunchloch 1, Bunchloch 3 |
| Soláthar scoláireachtaí do scoláirí in iar-bhunscoileanna DEIS chun freastal ar chúrsaí Gaeltachta | Bunchloch1, Bunchloch3 |
| Úsáid na Gaeilge ag fóraim agus imeachtaí oideachais | Bunchloch 1 |
| Infheictheacht agus úsáid na Gaeilge i scoileanna agus i seomraí ranga | Bunchloch 2 |
| Cáilíocht na ceannaireachta i dteagasc, i bhfoghlaim agus in úsáid na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | Bunchloch 2 |
| Comhroinnt cleachtais éifeachtach maidir le teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge, agus maidir le ceannaireacht orthu | Bunchloch 2 |
| Cáilíocht an teagaisc agus an mheasúnaithe sa Ghaeilge i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna | Bunchloch 2 |
| Deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint chun an Ghaeilge a úsáid | Bunchloch 2 |
| Rannpháirtíocht múinteoirí in eispéiris foghlama gairmiúla don Ghaeilge | Bunchloch 2 |
| Feasacht i measc múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus múinteoirí faoi oiliúint ar na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge | Bunchloch 2 |
| Rannpháirtíocht scoláirí iar-bhunscoile i líonraí óige Gaeilge agus i ndeiseanna eile chun an Ghaeilge a úsáid | Bunchloch 2 |
| Seoladh acmhainn nua COGG chun tacú le forbairt scileanna éisteachta agus teanga labhartha leanaí agus daoine óga | Bunchloch 2 |
| Seoladh an mhoil nua ar líne chun tacú le teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla | Bunchloch 2 |
| Forbairt acmhainní chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim a leanaí sa Ghaeilge | Bunchloch 2 |
| Tacaíochtaí agus acmhainní a sholáthar chun tacú le foghlaim agus úsáid na Gaeilge ag leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, ag daoine atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus ag daoine ó phobail mhionlaigh | Bunchloch 3 |
| Bunú struchtúr, próiseas agus líonraí chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean gnímh agus tacú leis | Bunchloch 4 |
| Foilsiú tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn maidir le feidhmiú an phlean gnímh | Bunchloch 4 |